**Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir le athchóiriú ar chóras na dtásc geografach**

(2023/C 79/11)

| | |
|---|---|
| **Rapóirtéir**: | Karine GLOANEC MAURIN (FR/PSE), Leas-mhéara toscaire pharóiste nua Couëtron-au-Perche |
| **Doiciméad tagartha**: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha an Aontais Eorpaigh le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, agus scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2017/1001 agus (AE) 2019/787 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012<br>COM(2022) 134 final |

I. **MOLTAÍ LE hAGHAIDH LEASUITHE**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha an Aontais Eorpaigh le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, agus scéimeanna cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2017/1001 agus (AE) 2019/787 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012**

**COM(2022) 134 final**

**Leasú 1**

Aithris nua i ndiaidh Aithris 3

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***Ina Theachtaireacht an 30 Meitheamh 2021 A long-term vision for EU rural areas – Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040 [Fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais – i dtreo ceantair thuaithe níos láidre, nasctha, athléimneacha agus rathúla faoi 2040], shainaithin an Coimisiún tásca geografacha mar cheann de na tionscnaimh shuaitheanta lena gcuirtear limistéir rathúla chun cinn, mar gheall ar an méid a chuireann siad le héagsúlú na heacnamaíochta sna limistéir thuaithe.*** |

**Cúis**

A bhuíochas leis an iliomad seachtrachtaí dearfacha atá acu, cuireann tásca geografacha le fás inbhuanaithe na tuaithe.

**Leasú 2**

Aithris nua i ndiaidh Aithris 3

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***Na leasuithe a tugadh isteach i gcóras tásca geografacha an Aontais le Rialachán (AE) 2021/2117, mar chuid den athchóiriú ar an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT).*** |

**Cúis**

Ní mór comhsheasmhacht a áirithiú leis an dul chun cinn atá déanta ag an Rialachán maidir le CEM agus ag Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1), i gcomhthéacs CBT le déanaí.

**Leasú 3**

Aithris nua i ndiaidh Aithris 11

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***Is beartas poiblí é beartas cáilíochta an Aontais, beartas a bhaineann le táirgeadh earraí poiblí, agus ba cheart measúnú a dhéanamh ar a rannpháirtíocht san aistriú chuig córas bia inbhuanaithe, trí chur chuige iomlánaíoch agus ilghnéitheach, lena gcuimsítear inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shoch-chultúrtha. Is uirlisí iad na tásca geografacha lenar féidir cur le forbairt inbhuanaithe na tuaithe; le héagsúlú gheilleagar na tuaithe; le fostaíocht agus FBManna a chosaint; le bánú na tuaithe a chosc; leis an éagsúlacht chultúrtha agus shocheacnamaíoch a chaomhnú; le cosaint na tuaithe; le bainistiú agus atáirgeadh inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha; le caomhnú na bithéagsúlachta; le leas na n-ainmhithe; sábháilteacht agus inrianaitheacht an bhia, a bhuíochas leis na sásraí a áirítear sna sonraíochtaí táirge.*** |

**Cúis**

Is tábhachtach an méid a chuireann tásca geografacha (TGanna) le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch agus shoch-chultúrtha a aithint, mar gheall ar an nasc doscaoilte atá acu leis an áit.

**Leasú 4**

Aithris 12

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| (12) Chun rannchuidiú leis an aistriú chuig córas bia inbhuanaithe agus chun freagairt d'éilimh ón tsochaí ar mhodhanna táirgthe atá inbhuanaithe, neamhdhíobhálach don chomhshaol agus don aeráid, atá tíosach ar acmhainní agus atá freagrach ó thaobh na sochaí agus na heitice de agus lena n-áirithítear leas ainmhithe, ba cheart táirgeoirí tásc geografach a spreagadh chun ***cloí le caighdeáin inbhuanaitheachta atá níos déine ná na caighdeáin sainordaitheacha agus a théann níos faide ná an dea-chleachtas.*** D'fhéadfaí na ***ceanglais*** shonracha sin a leagan amach sa tsonraíocht táirge. | (12) Chun rannchuidiú leis an aistriú chuig córas bia inbhuanaithe agus chun freagairt d'éilimh na sochaí ar mhodhanna táirgthe atá inbhuanaithe, neamhdhíobhálach don chomhshaol agus don aeráid, iad tíosach ar acmhainní agus freagrach ó thaobh na sochaí agus na heitice de agus lena n-áirithítear leas ainmhithe, ba cheart táirgeoirí tásc geografach a spreagadh chun ***teacht ar chomhaontú maidir le gealltanais inbhuanaitheachta a chuidíonn leis na cuspóirí inbhuanaitheachta comhshaoil, eacnamaíocha agus soch-chultúrtha a chomhlíonadh***. D'fhéadfaí na ***gealltanais*** shonracha sin a leagan amach sa tsonraíocht táirge. |

**Cúis**

Níl aon sainmhíniú ar "caighdeáin inbhuanaitheachta" ann a gcaithfear cloí leis. Dá bhrí sin, an téarmaíocht atá in Airteagal 12, áit a dtagraítear do ghealltanais inbhuanaitheachta, is téarmaíocht í ba cheart a choinneáil.

**Leasú 5**

Aithris nua i ndiaidh Aithris 12

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***Ba cheart do na gealltanais sin rannchuidiú le ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na cuspóirí comhshaoil, eacnamaíocha nó soch-chultúrtha seo a leanas:***<br><br>***1. Cuspóirí comhshaoil, lena n-áirítear inter alia:***<br>***— maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú ar an méid uisce a bhíonn á úsáid;***<br>***— ithir, tírdhreacha agus acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe;***<br>***— an éagsúlacht bhithchultúrtha a chaomhnú agus síolta neamhchoitianta, pórtha áitiúla agus cineálacha plandaí a chaomhnú;***<br>***— sláinte agus leas na n-ainmhithe a bhainistiú agus a fheabhsú;***<br>***— an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach.***<br><br>***2. Cuspóirí eacnamaíocha, lena n-áirítear inter alia:***<br>***— ioncaim inmharthana agus athléimneacht táirgeoirí TG a áirithiú;***<br>***— feabhas a chur ar luach eacnamaíoch táirgí TG agus ar athdháileadh an bhreisluacha;***<br>***— rannchuidiú le héagsúlú gheilleagar na tuaithe;***<br>***— creatlach na tuaithe agus an fhorbairt áitiúil a chaomhnú, lena n-áirítear fostaíocht talmhaíochta.***<br><br>***3. Cuspóirí soch-chultúrtha, lena n-áirítear inter alia:***<br>***— táirgeoirí óga TG agus táirgeoirí nua TG a mhealladh, tacú leo, agus tarchur an fheasa gnó agus an chultúir ó ghlúin go glúin a éascú;***<br>***— rannchuidiú le féiniúlacht na tuaithe agus an oidhreacht chultúrtha agus ghastranómach a chur chun cinn;***<br>***— oideachas a chur chun cinn maidir le saincheisteanna a bhaineann le córas cáilíochta, slándáil bia agus aistí bia cothroma agus éagsúla;***<br>***— comhordú idir na táirgeoirí a fheabhsú trí éifeachtacht na n-ionstraimí rialachais a fheabhsú.*** |

**Cúis**

Ar lorg Aithris 12, ba thábhachtach sainmhíniú a thabhairt ar ghealltanais inbhuanaitheachta, agus é á mheabhrú go n-áirítear leis sin trí cholún, colún eacnamaíoch, colún sóisialta agus colún an chomhshaoil.

**Leasú 6**

Aithris nua i ndiaidh Aithris 12

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***Chun córais táirgthe bia áitiúla agus réigiúnacha a dhéanamh níos inbhuanaithe, agus chun rannchuidiú le haistí bia éagsúla a bheidh cothrom agus inbhuanaithe, ba cheart tásca geografacha a áireamh sna híoschritéir éigeantacha maidir le soláthar poiblí an bhia inbhuanaithe.*** |

**Cúis**

Faoi mar a moladh i staidéar ó Choiste Eorpach na Réigiún ([1]), ba cheart spreagadh i dtreo bianna inbhuanaithe a chur san áireamh, lena n-áirítear táirgí STFC agus TGFC.

**Leasú 7**

Aithris 39

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| (39) Na nósanna imeachta um thásca geografacha a chlárú, a leasú agus a chur ar ceal, lena n-áirítear an nós imeachta um ghrinnscrúdú agus an nós imeachta freasúra, ba cheart iad a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtúla. Is féidir sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an gcúnamh le haghaidh grinnscrúdú a dhéanamh ar iarratais, ar cúnamh é a sholáthraíonn Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO). Cé gur breithníodh seachfhoinsiú páirteach chuig EUIPO, bheadh an Coimisiún fós freagrach as an gclárúchán, as an leasúchán agus as an gcur ar ceal, mar gheall ar an ngaol láidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus leis an saineolas is gá chun a áirithiú go ndéantar measúnú leormhaith ar shainiúlachtaí fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta. | (39) Na nósanna imeachta um thásca geografacha a chlárú, a leasú agus a chur ar ceal, lena n-áirítear an nós imeachta um ghrinnscrúdú agus an nós imeachta freasúra, ba cheart iad a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtúla. Is féidir sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an gcúnamh le haghaidh grinnscrúdú a dhéanamh ar iarratais, ar cúnamh é a sholáthraíonn Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)***, a mhéid a bhaineann lena réimse inniúlachta maidir le gnéithe na maoine intleachtúla***. ***Níor cheart go gcuirfeadh rannpháirtíocht EUIPO san obair ró-ualach ar na nósanna imeachta ná síneadh ama lena ré.*** Cé gur breithníodh seachfhoinsiú páirteach chuig EUIPO, bheadh an Coimisiún fós freagrach as an gclárúchán, as an leasúchán agus as an gcur ar ceal, mar gheall ar an ngaol láidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus leis an saineolas is gá chun a áirithiú go ndéantar measúnú leormhaith ar shainiúlachtaí fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta. |

([1]) Coiste Eorpach na Réigiún, Soldi, R. (2018), Soláthar poiblí inbhuanaithe bia, https://data.europa.eu/doi/10.2863/1187.

**Cúis**

Tá níos mó i gceist le TGanna ná cearta ar an maoin intleachtúil. I bhfianaise an dlúthnaisc atá acu leis an mbeartas forbartha tuaithe, níor cheart TGanna a bhainistiú mar bhrandaí. Dá bhrí sin, ba cheart a shoiléiriú sa Rialachán atá beartaithe nach mbainfidh tacaíocht theicniúil EUIPO ach amháin le scrúdú ghnéithe a thagann faoina réimse inniúlachta féin i.e. an mhaoin intleachtúil.

**Leasú 8**

Aithris nua i ndiaidh Aithris 39

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***Rannchuideoidh EUIPO le feidhmiú chóras tásca geografacha an Aontais trína shaineolas ar mhaoin intleachtúil a chur ar fáil i gcomhlíonadh na gcúram a bhaineann le cosaint na dtásc geografach, cúram an idirlín san áireamh.*** |

**Cúis**

D'fhéadfadh saineolas teicniúil maidir le cearta maoine intleachtúla agus acmhainní EUIPO tacaíocht luachmhar a chur ar fáil chun cosaint TGanna a neartú. Chuirfeadh sé sin ar chumas EUIPO inniúlachtaí AS AGRI sa talmhaíocht agus san fhorbairt tuaithe a chomhlánú le saineolas maidir le CMI.

**Leasú 9**

Aithris nua i ndiaidh Aithris 39

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***Le spriocdhátaí níos soiléire agus nósanna imeachta níos tapa chun sonraíochtaí a leasú, tríd an deighilt idir leasuithe an Aontais agus leasuithe caighdeánacha, rannchuideofar le héifeachtúlacht an chórais a fheabhsú.*** |

**Cúis**

Le simpliú na nósanna imeachta chun na sonraíochtaí a glacadh i mí na Nollag 2021 a leasú, tabharfar aghaidh ar an ualach riaracháin. Is tábhachtach sin mar bíonn tionchar mór ag athruithe ar shonraíochtaí ar ghlacadh na gcoigeartuithe ar an bpróiseas táirgthe.

**Leasú 10**

Aithris 56

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| (56) Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith ***caighdeáin inbhuanaitheachta a shainiú agus critéir a leagan síos chun na caighdeáin inbhuanaitheachta atá ann cheana a aithint***; nithe atá le soláthar mar chuid den fhaisnéis tionlacain a shoiléiriú nó a chur isteach; cúraimí a shannadh do EUIPO ar cúraimí iad a bhaineann le ***grinnscrúdú le haghaidh freasúra agus an nós imeachta freasúra***, leis an gclár a oibriú, le leasuithe caighdeánacha ar shonraíocht táirge a fhoilsiú, ***le comhairliúchán i gcomhthéacs an nós imeachta um chur ar ceal,*** le córas rabhaidh a bhunú agus a bhainistiú lena gcuirtear iarratasóirí ar an eolas faoi infhaighteacht a dtásc geografach mar ainm fearainn, le grinnscrúdú a dhéanamh ar thásca geografacha tríú tír seachas tásca geografacha faoi Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha, ar thásca geografacha iad atá beartaithe lena gcosaint de bhun idirbheartaíocht idirnáisiúnta nó comhaontuithe idirnáisiúnta; critéir iomchuí a leagan síos chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú EUIPO i bhforfheidhmiú na gcúraimí a shanntar dó; ***rialacha breise a leagan síos maidir le húsáid tásc geografach chun na comhábhair atá i dtáirgí próiseáilte a shainaithint; rialacha breise a leagan síos maidir le stádas cineálach na dtéarmaí a chinneadh***; srianta agus maoluithe a leagan síos maidir leis an bhfoinse atá ag beatha na n-ainmhithe i gcás sonrúchán tionscnaimh; srianta agus maoluithe a leagan síos maidir le marú ainmhithe beo nó maidir le foinse na n-amhábhar; rialacha a leagan síos chun úsáid ainmníochta cineáil planda nó póir ainmhí a chinneadh; rialacha a leagan síos lena dteorannaítear an fhaisnéis a chuimsítear sa tsonraíocht táirge le haghaidh tásca geografacha agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht; sonraí breise a leagan síos maidir leis na critéir incháilitheachta le haghaidh sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht; rialacha breise a leagan síos chun foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta iomchuí deimhniúcháin agus creidiúnúcháin a mbeadh feidhm acu i leith comhlachtaí deimhnithe táirgí; rialacha breise a bhunú chun na coinníollacha a shonrú maidir le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht a chosaint; rialacha a leagan síos maidir le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht chun stádas cineálach téarmaí a chinneadh, agus coinníollacha a leagan síos maidir le hainmníochtaí cineálacha | (56) Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith nithe atá le soláthar mar chuid den fhaisnéis tionlacain a shoiléiriú nó a chur isteach; cúraimí a shannadh do EUIPO ar curaimí iad a bhaineann leis an gclár a oibriú feidhmiú an chláir, le leasuithe caighdeánacha ar shonraíocht táirge a fhoilsiú, le córas rabhaidh a bhunú agus a bhainistiú lena gcuirtear iarratasóirí ar an eolas faoi infhaighteacht na dtásc geografach mar ainm fearainn, le grinnscrúdú a dhéanamh ar thásca geografacha tríú tír seachas tásca geografacha faoi Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha, ar thásca geografacha iad atá beartaithe lena gcosaint de bhun idirbheartaíocht idirnáisiúnta nó comhaontuithe idirnáisiúnta; critéir iomchuí a leagan síos chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú EUIPO i bhforfheidhmiú na gcúraimí a shanntar dó; srianta agus maoluithe a leagan síos maidir leis an bhfoinse atá ag beatha na n-ainmhithe i gcás sonrúchán tionscnaimh; srianta agus maoluithe a leagan síos maidir le marú ainmhithe beo nó maidir le foinse na n-amhábhar; rialacha a leagan síos chun úsáid ainmníochta cineáil planda nó póir ainmhí a chinneadh; rialacha a leagan síos lena dteorannaítear an fhaisnéis a chuimsítear sa tsonraíocht táirge le haghaidh tásca geografacha agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht; sonraí breise a leagan síos maidir leis na critéir incháilitheachta le haghaidh sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht; rialacha breise a leagan síos chun foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta iomchuí deimhniúcháin agus creidiúnúcháin a mbeadh feidhm acu i leith comhlachtaí deimhnithe táirgí; rialacha breise a bhunú chun na coinníollacha a shonrú maidir le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht a chosaint; rialacha a leagan síos maidir le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht chun stádas cineálach téarmaí a chinneadh, agus coinníollacha a leagan síos maidir le hainmníochtaí cineálacha plandaí agus pórtha ainmnithe a úsáid agus maidir le cearta na maoine intleachtúla; rialacha breise a shainmhíniú maidir le hiarratais chomhpháirteacha a bhaineann le níos mó ná críoch náisiúnta amháin agus rialacha an phróisis iarratais a chomhlánú le haghaidh sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht; na rialacha maidir leis an nós imeachta freasúra um shainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht a chomhlánú chun nósanna imeachta agus sprioc-amanna mionsonraithe a leagan síos; na rialacha a |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| plandaí agus pórtha ainmnithe a úsáid agus maidir le cearta na maoine intleachtúla; rialacha breise a shainmhíniú maidir le hiarratais chomhpháirteacha a bhaineann le níos mó ná críoch náisiúnta amháin agus rialacha an phróisis iarratais a chomhlánú le haghaidh sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht; na rialacha maidir leis an nós imeachta freasúra um shainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht a chomhlánú chun nósanna imeachta agus sprioc-amanna mionsonraithe a leagan síos; na rialacha a fhorlíonadh maidir leis an bpróiseas chun iarratas a dhéanamh ar leasú i gcás sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht; na rialacha a fhorlíonadh maidir leis an bpróiseas cur ar ceal i gcás sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht; rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na critéir le haghaidh téarmaí roghnacha cáilíochta; téarma roghnach breise cáilíochta a fhorchoimeád, agus coinníollacha a úsáide a leagan síos; maoluithe a leagan síos le haghaidh úsáid an téarma "táirge sléibhe" agus na modhanna táirgeachta agus critéir eile atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm an téarma roghnach cáilíochta sin a leagan síos, go háirithe na coinníollacha a leagan síos faoina gceadaítear amhábhair nó beatha ainmhithe teacht ó áiteanna lasmuigh de na limistéir sléibhe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | fhorlíonadh maidir leis an bpróiseas chun iarratas a dhéanamh ar leasú i gcás sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht; na rialacha a fhorlíonadh maidir leis an bpróiseas cur ar ceal i gcás sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht; rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis na critéir le haghaidh téarmaí roghnacha cáilíochta; téarma roghnach breise cáilíochta a fhorchoimeád, agus coinníollacha a úsáide a leagan síos; maoluithe a leagan síos le haghaidh úsáid an téarma "táirge sléibhe" agus na modhanna táirgeachta agus critéir eile atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm an téarma roghnach cáilíochta sin a leagan síos, go háirithe na coinníollacha a leagan síos faoina gceadaítear amhábhair nó beatha ainmhithe teacht ó áiteanna lasmuigh de na limistéir sléibhe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. |

**Cúis**

Is tábhachtach go ndéanfaí roinnt eilimintí riachtanacha den chóras a shainiú sa Rialachán seachas trí ghníomhartha tarmligthe.

**Leasú 11**

Airteagal 2

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Chun críocha an Rialacháin seo beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas: | Chun críocha an Rialacháin seo beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas: |
| g) is éard a chiallaíonn "téarma cineálach": | g) is éard a chiallaíonn" téarma cineálach": |
| ***i)*** ainmneacha táirgí, agus bíodh is go mbaineann siad leis an ionad, leis an réigiún nó leis an tír inar táirgeadh nó inar margaíodh an táirge i dtosach, arb iad an t-ainm coitianta ar an táirge san Aontas anois iad; ***agus*** | ainmneacha táirgí, agus bíodh is go mbaineann siad leis an ionad, leis an réigiún nó leis an tír inar táirgeadh nó inar margaíodh an táirge i dtosach, arb iad an t-ainm coitianta ar an táirge san Aontas anois iad; |
| ***ii) téarma coiteann lena dtuairiscítear ar chineálacha táirgí, airíonna táirgí nó téarmaí eile nach dtagraíonn do tháirge sonrach;*** | |

**Cúis**

I bpointe (g)(ii), cuirtear isteach foráil nua maidir leis an sainmhíniú ar théarma cineálach. Is faoi na cúirteanna ba cheart an tsaincheist sin a fhágáil.

**Leasú 12**

Airteagal 4

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú |
|---|---|
| | ***1. Tá sé beartaithe leis na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo tacú le gníomhaíochtaí talmhaíochta agus próiseála agus na córais feirmeoireachta a bhaineann le táirgí ardcháilíochta, agus ar an dóigh sin rannchuidiú le cuspóirí an bheartais forbartha tuaithe a bhaint amach.*** |

**Cúis**

Tá ról tábhachtach ag TGanna an Aontais maidir le gníomhaíocht eacnamaíoch agus shóisialta a choinneáil ar bun sna ceantair thuaithe agus, dá bhrí sin, tá siad ríthábhachtach chun cothromaíocht chríochach a choinneáil ar an leibhéal réigiúnach. Ós rud é go bhfuil tásca geografacha aitheanta ag an gCoimisiún féin mar “spreagadh lárnach d’fhás na tuaithe”, ba cheart tagairt do thásca geografacha mar uirlisí a chuireann le forbairt na tuaithe a thabhairt isteach an athuair.

**Leasú 13**

Airteagal 4

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 1. Leis an Teideal seo foráiltear maidir le córas aonadach eisiach tásc geografach lena gcosnaítear ainmneacha fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta a bhfuil saintréithe nó airíonna acu, nó cáil orthu, a bhfuil nasc idir iad agus a láthair táirgthe, lena n-áirithítear ar an gcaoi sin an méid seo a leanas: | 1. Leis an Teideal seo foráiltear maidir le córas aonadach eisiach tásc geografach lena gcosnaítear ainmneacha fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta a bhfuil saintréithe nó airíonna acu, nó cáil orthu, a bhfuil nasc idir iad agus a láthair táirgthe, lena n-áirithítear ar an gcaoi sin an méid seo a leanas: |
| a) go mbeidh an chumhacht agus na freagrachtaí is gá ag táirgeoirí, ag gníomhú dóibh le chéile, a dtásc geografach a bhainistiú, lena n-áirítear freagairt d’éilimh shochaíocha ar tháirgí a thagann as táirgeacht inbhuanaithe sna trí réimse, luach eacnamaíoch, luach comhshaoil agus luach sóisialta agus oibriú sa mhargadh; | a) go mbeidh an chumhacht agus na freagrachtaí is gá ag táirgeoirí, ag gníomhú dóibh le chéile, a dtásc geografach a bhainistiú, lena n-áirítear ***le breisluach a chruthú agus le*** freagairt d’éilimh shochaíocha ar tháirgí a thagann as táirgeacht inbhuanaithe sna trí réimse, luach eacnamaíoch, luach comhshaoil agus luach sóisialta agus oibriú sa mhargadh; |
| b) iomaíocht chóir le haghaidh táirgeoirí sa slabhra margaíochta; | b) iomaíocht chóir le haghaidh táirgeoirí sa slabhra margaíochta; |
| c) go bhfaighidh na tomhaltóirí faisnéis iontaofa agus ráthaíocht maidir le barántúlacht na dtáirgí sin agus go mbeidh siad in ann iad a shainaithint go héasca sa mhargadh, lena n-áirítear sa ríomhthráchtáil; | c) go bhfaighidh tomhaltóirí faisnéis iontaofa agus ráthaíocht maidir le barántúlacht na dtáirgí sin agus go mbeidh siad in ann iad a shainaithint go héasca sa mhargadh, lena n-áirítear i g***córas na n-ainmneacha fearainn agus sa*** ríomhthráchtáil; |

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| d) clárú éifeachtúil na dtásc geografach agus cosaint iomchuí na gceart maoine intleachtúla á cur san áireamh; ***agus*** | d) clárú éifeachtúil na dtásc geografach agus cosaint iomchuí na gceart maoine intleachtúla ***i margadh aonair agus i margadh digiteach an Aontais á cur san áireamh***; |
| e) forfheidhmiú agus margú éifeachtach ar fud an Aontais agus sa ríomhthráchtáil lena n-áirithítear sláine an mhargaidh inmheánaigh. | e) forfheidhmiú agus margaíocht éifeachtach ar fud an Aontais, ***agus i gcóras na n-ainmneacha fearainn*** agus sa ríomhthráchtáil, lena n-áirithítear sláine an mhargaidh inmheánaigh; |
| | ***f) roinntear an breisluach a bhaineann le táirgí TG ar fud an tslabhra luacha ionas gur féidir le táirgeoirí a gcuid praghsanna a chobhsú agus infheistíocht a dhéanamh i gcáilíocht agus i ndea-chlú a gcuid táirgí.*** |

**Cúis**

Faoi mar a tugadh isteach i gcás fíonta TG le hAirteagal 172 *c* de CEM, is gá a chur i bhfáth nach mór do thásca geografacha féachaint le breisluach a chruthú ar fud an tslabhra d'fhonn a gcáilíocht agus a gcáil a fheabhsú.

**Leasú 14**

Airteagal 12

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 1. Féadfaidh grúpa táirgeoirí teacht ar chomhaontú maidir le gealltanais ***inbhuanaitheachta*** a bheidh le comhlíonadh maidir le táirgeadh an táirge arna ainmniú le tásc geografach. ***Leis na gealltanais sin féachfar le caighdeán inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm atá níos airde ná an caighdeán a shainordaítear le dlí an Aontais nó an dlí náisiúnta agus, go praiticiúil, le dul thar an méid is gá ó thaobh dea-chleachtais de i dtéarmaí gealltanas sóisialta, comhshaoil nó eacnamaíoch.*** Is gealltanais shonracha a bheidh iontu, cuirfear san áireamh leo cleachtais inbhuanaithe atá ann cheana agus a úsáidtear le haghaidh táirgí arna n-ainmniú le tásca geografacha agus féadfar tagairt a dhéanamh iontu do scéimeanna inbhuanaitheachta atá ann cheana. | 1. Féadfaidh grúpa táirgeoirí teacht ar chomhaontú maidir le gealltanais inbhuanaitheachta ***eacnamaíoch, comhshaoil nó sóisialta*** a bheidh le comhlíonadh maidir le táirgeadh an táirge arna ainmniú le tásc geografach. Is gealltanais shonracha a bheidh iontu, cuirfear san áireamh leo cleachtais inbhuanaithe atá ann cheana agus a úsáidtear le haghaidh táirgí arna n-ainmniú le tásca geografacha agus féadfar tagairt a dhéanamh iontu do scéimeanna inbhuanaitheachta atá ann cheana. |
| 2. ***Cuimseofar*** na gealltanais inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 sa tsonraíocht táirge. | 2. ***Féadfar*** na gealltanais inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 a áireamh sa tsonraíocht táirge ***agus/nó féadfar iad a fhorbairt mar chuid de thionscnaimh ar leith***. |
| 3. Beidh na gealltanais inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 gan dochar do cheanglais maidir le comhlíontacht le sláinteachas, caighdeáin sábháilteachta agus rialacha iomaíochta. | 3. Beidh na gealltanais inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 gan dochar do cheanglais maidir le comhlíontacht le sláinteachas, caighdeáin sábháilteachta agus rialacha iomaíochta. |

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 4. ***Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 84 lena sainítear caighdeáin inbhunaitheachta in earnálacha éagsúla agus lena leagtar síos critéir maidir le haitheantas a thabhairt do chaighdeáin inbhuanaitheachta atá ann cheana a bhféadfaidh táirgeoirí táirgí arna n-ainmniú le tásca geografacha déanamh dá réir.*** <br><br> ***5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena sainítear cur i láthair comhchuibhithe gealltanas inbhuanaitheachta. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 53(2).*** | |

**Cúis**

Ní féidir an sainmhíniú ar chritéir inbhuanaitheachta a tabhairt chun cruinnis trí bhíthin gníomhartha tarmligthe. Ní mór an sainmhíniú sin a lua go sonrach sa Rialachán ionas go mbeidh sé de rogha ag grúpaí táirgeoirí gealltanais inbhuanaitheachta formheasta a chur sna sonraíochtaí, nó iad a chur in áit eile.

**Leasú 15**

Airteagal 17

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 2. Ní ***mhairfidh*** an grinnscrúdú níos faide ná 6 mhí. I gcás inar faide an tréimhse sin ná 6 mhí nó inar dócha gur faide ná 6 mhí í, ***cuirfidh an Coimisiún*** an t-iarratasóir ar an eolas faoi chúiseanna na moille i scríbhinn. | 2. ***Níor cheart don ghrinnscrúdú maireachtáil*** níos faide ná 6 mhí. I gcás inar faide an tréimhse ghrinnscrúdaithe sin ná 6 mhí nó inar dócha gur faide ná 6 mhí í, ***níor mhór don Choimisiún*** cúiseanna na moille ***a chur*** in iúl don iarratasóir i scríbhinn. |

**Cúis**

De ghnáth, ní chloíonn an Coimisiún Eorpach leis an spriocdháta sé mhí a leagtar síos sa Rialachán, agus ní chuirtear táirgeoirí ná Ballstáit ar an eolas riamh faoin gcúis atá leis an moill (de bhrí go bhfuil foráil sa Rialachán maidir leis sin). Ba chóir a rá go cruinn nach mairfidh an scrúdú níos faide ná sé mhí.

**Leasú 16**

Airteagal 17

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| ***5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 84 lena bhforlíontar an Rialachán seo le rialacha maidir leis na cúraimí a leagtar amach san Airteagal sin a shannadh do EUIPO.*** | |

**Cúis**

Ba cheart a shoiléiriú gurb é an Coimisiún atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar na hiarratais ar chlárúchán. I gcás saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí maoine intleachtúla, féadfaidh an Coimisiún brath ar thacaíocht theicniúil ó EUIPO. Mar sin féin, ní mór roinnt na n-inniúlachtaí sin i ndáil le CMInna a shainiú go soiléir sa togra reachtach agus ní trí ghníomhartha tarmligthe.

**Leasú 17**

Airteagal 19

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| ***10. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 84 lena bhforlíontar an Rialachán seo trí bhíthin nósanna imeachta mionsonraithe agus sprioc-amanna le haghaidh an nós imeachta freasúra, le haghaidh barúlacha a chur isteach go hoifigiúil ag na húdaráis náisiúnta agus ag daoine a bhfuil leas dlisteanach acu, nach dtionscnóidh an nós imeachta freasúra, agus trí rialacha maidir lena chúraimí a leagtar amach san Airteagal seo a shannadh do EUIPO.*** | |

**Cúis**

Ní mór a lua go soiléir gurb é an Coimisiún atá freagrach as an nós imeachta freasúra. I gcás tarmligean na gcúram chuig EUIPO, ba cheart iad sin a shainiú go soiléir sa togra reachtach agus ní trí bhíthin ghníomhartha tarmligthe.

**Leasú 18**

Airteagal 25

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 5. Measfar gur leasú sealadach a bheidh i leasú caighdeánach má bhaineann sé le hathrú sealadach ar an sonraíocht táirge mar thoradh ar bhearta éigeantacha sláintíochta nó fíteashláintíochta a d'fhorchuir na húdaráis phoiblí nó leasú sealadach ab éigean a dhéanamh de dheasca tubaiste nádúrtha nó dálaí díobhálacha aimsire a ndearna na húdaráis inniúla iad a aithint go foirmiúil. | 5. Measfar gur leasú sealadach a bheidh i leasú caighdeánach má bhaineann sé le hathrú sealadach ar an sonraíocht táirge mar thoradh ar bhearta éigeantacha sláintíochta nó fíteashláintíochta a d'fhorchuir na húdaráis phoiblí nó leasú sealadach ab éigean a dhéanamh de dheasca tubaiste nádúrtha nó dálaí díobhálacha aimsire ***nó na hiarmhairtí a bhí ar eachtra gheo-pholaitiúil eisceachtúil*** a ndearna na húdaráis inniúla iad a aithint go foirmiúil. |

**Cúis**

Léiríonn an méid a tharla le déanaí go mbeadh sé úsáideach cásanna geopholaitiúla a chur san áireamh, cogadh, cuir i gcás, chun athruithe sealadacha ar shonraíochtaí a cheadú.

**Leasú 19**

Airteagal 25

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 8. Maidir le hiarratas ar leasú Aontais ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh chláraithe, má chuimsítear ann freisin leasuithe caighdeánacha nó leasuithe sealadacha, ní dhéanfaidh an Coimisiún grinnscrúdú ach ar an leasú Aontais amháin. Maidir le haon leasú caighdeánach nó leasú sealadach, measfar nár cuireadh isteach iad. Leis an ngrinnscrúdú ar iarratais den sórt sin, beifear ag díriú ar na leasuithe atá molta ar leibhéal an Aontais. ***I gcás inarb iomchuí sin, féadfaidh an Coimisiún nó an Ballstát lena mbaineann deis a thairiscint don iarratasóir eilimintí eile de na sonraíochtaí táirge a mhodhnú.*** | 8. Maidir le hiarratas ar leasú Aontais ar shonraíocht táirge táisc gheografaigh chláraithe, má chuimsítear ann freisin leasuithe caighdeánacha nó leasuithe sealadacha, ní dhéanfaidh an Coimisiún grinnscrúdú ach ar an leasú Aontais amháin. Maidir le haon leasú caighdeánach nó leasú sealadach, measfar nár cuireadh isteach iad. Leis an ngrinnscrúdú ar iarratais den sórt sin, beifear ag díriú ar na leasuithe atá molta ar leibhéal an Aontais. ***Ar a mhuin sin, tá sé de cheanglas ar an gCoimisiún leasú an Aontais ar shonraíocht TG a mheas féachaint an lagaíonn sé aon tásc geografach nó aon sonrúchán tionscnaimh eile a bhí ann cheana.*** |

**Cúis**

D'fhéadfadh baol a bheith ann go mbeadh an Coimisiún in ann athruithe a iarraidh ar na sonraíochtaí a théann níos faide ná an iarraidh ar leasú a cuireadh isteach.

**Leasú 20**

Airteagal 26

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| ***6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 84 lena bhforlíontar an Rialachán seo le rialacha maidir leis na cúraimí a leagtar amach i mír 5 a shannadh do EUIPO.*** | |

**Cúis**

Níl sé inghlactha na cúraimí sin a tharmligean chuig EUIPO.

**Leasú 21**

Airteagal 27 (1)

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 1. Déanfar tásca geografacha a chuirtear isteach i gclár an Aontais um thásca geografacha a chosaint ar: | 1. Déanfar tásca geografacha a chuirtear isteach i gclár an Aontais um thásca geografacha, ***mar aon leis na tásca geografacha atá faoi chosaint ag comhaontuithe idirnáisiúnta san Aontas***, a chosaint ar: |

**Cúis**

TG atá faoi chosaint ag comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha, ní ceart a áireamh go huathoibríoch i gClárlann an Aontais.

**Leasú 22**

Airteagal 27(1)(a)

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| a) aon úsáid dhíreach nó indíreach tráchtála a bhaintear as an tásc geografach maidir le táirgí nach gcumhdaítear faoin gclárú i gcás ina bhfuil na táirgí sin inchomparáide leis na táirgí atá cláraithe faoin ainm sin nó i gcás ina dtagann úsáid an ainm sin i dtír ar chlú an ainm atá faoi chosaint nó i gcás ina lagaítear nó ina gcaolaítear ar an ainm sin nó ina ndéantar dochar dá chlú; | a) aon úsáid dhíreach nó indíreach tráchtála a bhaintear as an tásc geografach maidir le táirgí nach gcumhdaítear faoin gclárú i gcás ina bhfuil na táirgí sin inchomparáide leis na táirgí atá cláraithe faoin ainm sin nó i gcás ina dtagann úsáid an ainm sin i dtír ar chlú an ainm atá faoi chosaint nó i gcás ina lagaítear nó ina gcaolaítear ar an ainm sin nó ina ndéantar dochar dá chlú, ***lena n-áirítear i gcás ina n-úsáidtear na táirgí mar chógaisí*** |

**Cúis**

Ar mhaithe le comhsheasmhacht leis na forálacha nua maidir le cosaint na dtásc geografach a úsáidtear mar chomhábhair, rud atá in Airteagal 28 den togra seo le haghaidh Rialacháin, is maith an rud an tagairt do TGanna a úsáidtear mar chomhábhair a thabhairt isteach athuair.

**Leasú 23**

Airteagal 27(1)(b)

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| b) aon mhí-úsáid, aithris nó tabhairt chun cuimhne, fiú má léirítear fíorthionscnamh na dtáirgí nó na seirbhísí nó má aistrítear an t-ainm faoi chosaint nó má chuirtear frása leis amhail "ar nós", "cineál", "modh", "mar a tháirgtear i", "aithris", "blas", "cosúil le" nó a leithéidí. | b) aon mhí-úsáid, aithris nó tabhairt chun cuimhne, ***fiú i gcás ina bhfuil baint ag na Ballstáit nó ag na húdaráis phoiblí leis agus*** fiú má léirítear fíorthionscnamh na dtáirgí nó na seirbhísí nó má aistrítear, ***má thras-scríobhtar nó má thraslitrítear*** an t-ainm faoi chosaint nó má chuirtear frása leis amhail "ar nós", "cineál", "modh", "mar a tháirgtear i", "aithris", "blas", "cosúil le" nó a leithéidí, ***an uair a úsáidtear táirgí den sórt sin mar chomhábhair san áireamh***; |

**Cúis**

Ní mór an chosaint a neartú freisin i gcoinne aon ghníomhaíocht a dhéanann Ballstáit eile agus údaráis phoiblí, gníomhaíocht a bheadh fós laistigh de theorainneacha na dlíthiúlachta go foirmiúil ach í ag féachaint le leas a bhaint as an éileamh a bhíonn ar TG.

**Leasú 24**

Airteagal 27(1)(c)

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| c) aon tásc bréagach nó míthreorach eile maidir le foinse, tionscnamh, nádúr nó cáilíochtaí sár-riachtanacha an táirge a úsáidtear ar an bpacáistiú laistigh nó ar an bpacáistiú lasmuigh, san ábhar fógraíochta nó sna doiciméid nó san fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar shuíomhanna gréasáin a bhaineann leis an táirge áirithe, chomh maith le pacáistiú an táirge i gcoimeádán a d'fhéadfadh barúil bhréige a chur in iúl faoina thionscnamh; | c) aon tásc bréagach nó míthreorach eile maidir le foinse, tionscnamh, nádúr nó cáilíochtaí sár-riachtanacha an táirge a úsáidtear ar an bpacáistiú laistigh nó ar an bpacáistiú lasmuigh, san ábhar fógraíochta nó sna doiciméid nó san fhaisnéis a chuirtear ar fáil ar shuíomhanna gréasáin ***nó ar na hainmneacha fearainn*** a bhaineann leis an táirge áirithe, chomh maith le pacáistiú an táirge i gcoimeádán a d'fhéadfadh barúil bhréige a chur in iúl faoina thionscnamh; |

**Leasú 25**

Airteagal 27(2)

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| ***2. Chun críocha mhír 1(b), beidh ann do thabhairt chun cuimhne táisc gheografaigh, go háirithe i gcás ina ndéantar le téarma, comhartha, nó suaitheantas lipéadaithe nó pacáistithe nasc díreach soiléir leis an táirge a chumhdaítear leis an tásc geografach cláraithe in intinn an tomhaltóra réasúnta cáiréiseach agus, ar an gcaoi sin, teacht i dtír ar chlú an ainm atá cláraithe nó i gcás ina lagaítear nó ina gcaolaítear ar an ainm cláraithe sin nó ina ndéantar dochar dá chlú.*** | |

**Cúis**

Níl aon sainmhíniú ar an tagairt i Rialacháin reatha AE maidir le TG. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a thug léirmhíniú ginearálta ar an tagairt, rud nach léirítear san airteagal atá beartaithe. Is faoi Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh is fearr measúnú a fhágáil ar cheist na tagartha agus sin a dhéanamh cás ar chás.

**Leasú 26**

Airteagal 27(7)

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| ***7. I gcás inarb é atá i dtásc geografach ainm comhshuite ina bhfuil téarma a meastar a bheith cineálach, ní hé a bheidh in úsáid an téarma sin an t-iompar dá dtagraítear i mír 1(a) agus (b).*** | |

**Cúis**

D'fhéadfadh an fhoráil seo a bheith ina contúirt do chuid de na fíonta STFC.

**Leasú 27**

Mír nua – Airteagal 27

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***8. Glacfaidh na Ballstáit céimeanna iomchuí riaracháin agus breithiúnacha chun úsáid neamhdhleathach na n-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc tionscnaimh faoi chosaint, dá dtagraítear i mír 1, a tháirgfear nó a mhargófar sa Bhallstát sin, a chosc nó a stopadh.***<br>***Chuige sin, ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis a bheidh freagrach as bearta den sórt sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta a chinnfidh gach Ballstát.*** |

**Cúis**

Ba rud tábhachtach an fhoráil sin d'Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 a thabhairt isteach athuair.

**Leasú 28**

Airteagal 28(2)

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 2. Maidir leis an tásc geografach lena n-ainmnítear comhábhar táirge, ní úsáidfear é in ainm bia an táirge phróiseáilte lena mbaineann, ach amháin i gcásanna ina dtagtar ar chomhaontú ***le grúpa táirgeoirí*** ina bhfuil níos mó ná dhá thrian de na táirgeoirí. | 2. Maidir leis an tásc geografach lena n-ainmnítear comhábhar táirge, ní úsáidfear é in ainm bia an táirge phróiseáilte lena mbaineann, ach amháin i gcásanna ina dtagtar ar chomhaontú ***leis an ngrúpa táirgeoirí a fhéadfaidh foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha íosta lena úsáid. D'fhéadfadh an úsáid seo mar chomhábhar a bheith ina cúis le cúiteamh airgeadais ón bpróiseálaí a úsáideann an TG.*** |

**Cúis**

Ba cheart a lua go bhféadfaidh grúpaí táirgeoirí íoschritéir a shainiú maidir le húsáid a TG féin mar chomhábhar, chomh maith le hiarratas a dhéanamh ar ranníocaíocht airgeadais nó ar aisíocaíocht, chun costais mhéadaithe oibriúcháin agus bhainistíochta a gcuid gnáthghníomhaíochtaí a chomhlíonadh.

**Leasú 29**

Airteagal 28(3)

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| ***3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 84 lena bhforlíontar an Rialachán seo le rialacha breise maidir le tásca geografacha a úsáid chun comhábhair i dtáirgí próiseáilte, dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, a shainaithint*.** | |

**Cúis**

Ba cheart rialacha nua a leagan síos sa Rialachán seo maidir le tásca geografacha a úsáidtear mar chomhábhair.

**Leasú 30**

Airteagal 29

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| ***3. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 84 lena bhforlíontar an Rialachán seo le rialacha breise maidir le stádas cineálach na dtéarmaí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a chinneadh.*** | |

**Cúis**

Ba cheart rialacha breise maidir le ginearáltacht, más ann dóibh, a leagan síos sa Rialachán seachas trí ghníomhartha tarmligthe.

**Leasú 31**

Airteagal 32(1)

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 1. Cuirfear grúpa táirgeoirí ar bun ar thionscnamh na bpáirtithe leasmhara***, lena n-áirítear feirmeoirí, soláthraithe feirme, próiseálaithe idirmheánacha agus próiseálaithe deiridh*** de réir mar a shonraíonn na húdaráis náisiúnta agus de réir chineál an táirge lena mbaineann. Fíoróidh na Ballstáit go bhfeidhmeoidh an grúpa táirgeoirí ar bhealach trédhearcach daonlathach agus go mbeidh an ceart chun ballraíocht sa ghrúpa ag táirgeoirí uile an táirge arna ainmniú leis an tásc geografach. ***Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go mbeidh oifigigh phoiblí agus páirtithe leasmhara eile amhail grúpaí tomhaltóirí, miondíoltóirí agus soláthraithe rannpháirteach in oibreacha an ghrúpa táirgeoirí.*** | 1. Cuirfear grúpa táirgeoirí ar bun ar thionscnamh na bpáirtithe leasmhara ***agus féadfaidh táirgeoirí agus/nó próiseálaithe a bheith sa ghrúpa***, de réir mar a shonraíonn na húdaráis ***inniúla*** agus de réir chineál an táirge lena mbaineann. Fíoróidh na Ballstáit go bhfeidhmeoidh an grúpa táirgeoirí ar bhealach trédhearcach daonlathach agus go mbeidh an ceart chun ballraíocht sa ghrúpa ag táirgeoirí uile an táirge arna ainmniú leis an tásc geografach. |

**Cúis**

Na catagóirí a bhaineann le grúpaí táirgeoirí, is catagóirí iad a bhíonn ag athrú de réir an chineáil slabhra luacha atá ann, agus ní hionann na catagóirí ó Bhallstát go chéile ach oiread; Dá bhrí sin, b'fhearr gan bacadh ach na dtáirgeoirí agus le sonraíocht na bpróiseálaithe. Thairis sin amach, an breisluach a bhaineann leis na gníomhaithe nach nglacann páirt sa phróiseas táirgthe i measc na mball atá i ngrúpa táirgeoirí, is breisluach é is deacair a thuiscint.

**Leasú 32**

Airteagal 32(2)

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 2. Féadfaidh grúpa táirgeoirí na cumhachtaí agus na freagrachtaí seo a leanas go háirithe a fheidhmiú: | 2. Féadfaidh grúpa táirgeoirí na cumhachtaí agus na freagrachtaí seo a leanas go háirithe a fheidhmiú: |
| a) an tsonraíocht táirge a fhorbairt agus ***rialuithe inmheánacha*** a bhainistiú lena n-áirithítear go gcomhlíonann céimeanna táirgthe an táirge arna ainmniú leis an tásc geografach, go gcomhlíonann siad an tsonraíocht sin; | a) an tsonraíocht táirge a fhorbairt agus ***na gníomhaíochtaí*** a bhainistiú lena n-áirithítear go gcomhlíonann céimeanna táirgthe an táirge arna ainmniú leis an tásc geografach, go gcomhlíonann siad an tsonraíocht sin; |
| b) beart dlíthiúil a dhéanamh chun cosaint a áirithiú don tásc geografach agus do na cearta maoine intleachtúla atá nasctha go díreach leis; | b) beart dlíthiúil a dhéanamh chun cosaint a áirithiú don tásc geografach agus do na cearta maoine intleachtúla atá nasctha go díreach, |
| c) gealltanais inbhuanaitheachta a chomhaontú, bíodh sin san áireamh sa tsonraíocht táirge nó mar thionscnamh ar leithligh nó ná bíodh, lena n-áirítear socruithe chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngealltanas sin agus poiblíocht leordhóthanach a áirithiú dóibh i gcóras faisnéise arna sholáthar ag an gCoimisiún; | c) gealltanais inbhuanaitheachta a chomhaontú, bíodh sin san áireamh sa tsonraíocht táirge nó mar thionscnamh ar leithligh nó ná bíodh, lena n-áirítear socruithe chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngealltanas sin agus poiblíocht leordhóthanach a áirithiú dóibh i gcóras faisnéise arna sholáthar ag an gCoimisiún; |
| | d) ***dea-chleachtais a roinnt le chéile agus feasacht a mhúscailt i measc na dtáirgeoirí maidir le gealltanais inbhuanaitheachta amhail a shainmhínítear in Airteagal 12. Maidir le tacaíocht den sórt sin, féadfaidh sí a bheith, inter alia, ina faisnéis maidir leis an tacaíocht airgeadais atá ar fáil, nó ina forbairt pleananna agus gníomhaíochta;*** |
| d) beart a dhéanamh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht an táisc gheografaigh, lena n-áirítear: | ***e***) beart a dhéanamh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht an táisc gheografaigh, lena n-áirítear: |
| i) feachtais mhargaíochta agus fógraíochta chomhchoiteanna a fhorbairt, a eagrú agus a reáchtáil; | i) feachtais mhargaíochta agus fógraíochta chomhchoiteanna a fhorbairt, a eagrú agus a reáchtáil; |
| ii) gníomhaíochtaí faisnéise agus tionscnaimh a fhorbairt a bheidh dírithe ar airíonna an táirge arna ainmniú le tásc geografach a chur in iúl do thomhaltóirí; | ii) gníomhaíochtaí faisnéise agus tionscnaimh a fhorbairt a bheidh dírithe ar airíonna an táirge arna ainmniú le tásc geografach a chur in iúl do thomhaltóirí; |

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| iii) anailís a dhéanamh ar fheidhmíocht eacnamaíoch, inbhuanaitheacht táirgthe, próifíl chothaitheach agus próifíl orgánaileipteach an táirge arna ainmniú leis an tásc geografach; | iii) anailís a dhéanamh ar fheidhmíocht eacnamaíoch, inbhuanaitheacht táirgthe, próifíl chothaitheach agus próifíl orgánaileipteach an táirge arna ainmniú leis an tásc geografach; |
| iv) faisnéis a scaipeadh faoin tásc geografach agus an tsiombail Aontais ábhartha; agus | iv) faisnéis a scaipeadh faoin tásc geografach agus an tsiombail Aontais ábhartha; agus |
| v) comhairle agus oiliúint a chur ar na táirgeoirí atá ann cheana agus ar na táirgeoirí a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear gné na hinscne a chomhtháthadh i saol na linne, sin agus an chothromaíocht idir na fir agus na mór a chur i réim. | v) comhairle agus oiliúint a chur ar na táirgeoirí atá ann cheana agus ar na táirgeoirí a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear gné na hinscne a chomhtháthadh i saol na linne, sin agus an chothromaíocht idir na fir agus na mór a chur i réim. |
| ***e***) comhrac a dhéanamh ar ghóchumadh agus úsáidí calaoiseacha amhrasta a bhaint as úsáid táisc gheografaigh, ar an margadh inmheánach, lena n-ainmnítear táirgí nach bhfuil i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge, trí fhaireachán a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as an tasc geografach ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus ar mhargaí tríú tíortha ina bhfuil na tásca geografacha faoi chosaint, lena n-áirítear ar an idirlíon, agus de réir mar is gá, na húdaráis forfheidhmithe a chur ar eolas trí úsáid a bhaint as na córais rúnda atá ar fáil. | ***f)*** comhrac a dhéanamh ar ghóchumadh agus úsáidí calaoiseacha amhrasta a bhaint as úsáid táisc gheografaigh, ar an margadh inmheánach, lena n-ainmnítear táirgí nach bhfuil i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge, trí fhaireachán a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as an tasc geografach ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus ar mhargaí tríú tíortha ina bhfuil na tásca geografacha faoi chosaint, lena n-áirítear ar an idirlíon, agus de réir mar is gá, na húdaráis forfheidhmithe a chur ar eolas trí úsáid a bhaint as na córais rúnda atá ar fáil. |

**Cúis**

Ní leor acmhainní na ngrúpaí táirgeoirí neamh-aitheanta chun na cúraimí nua sin a chuimsiú. Go deimhin féin, de réir mar atá cumhachtaí nua á n-aistriú chuig grúpaí táirgeoirí aitheanta, d'fhéadfaí na grúpaí neamhaitheanta is gníomhaí a spreagadh chun aitheantas a fháil agus ar an gcaoi sin an struchtúr atá orthu a fheabhsú.

**Leasú 33**

Airteagal 32 – pointe nua (g) chuig mír 2

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***g) beart a dhéanamh chun luach táirgí a fheabhsú agus, i gcás inar gá, céimeanna a ghlacadh chun aon bheart atá díobhálach d'íomhá na dtáirgí sin, nó a bhfuil an baol ann go mbeadh sé díobhálach dó, a chosc nó dul ina choinne.*** |

**Cúis**

Ní mór an fhoráil sin d'Airteagal 45(1)(f) de Rialachán (AE) 1151/2012 a thabhairt isteach athuair d'fhonn ról agus cumhachtaí na ngrúpaí táirgeoirí TG a neartú.

**Leasú 34**

Airteagal 33

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 1. Ainmneoidh na Ballstáit, arna iarraidh sin do ghrúpaí táirgeoirí ***a chomhlíonann coinníollacha mhír 3***, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, grúpa táirgeoirí amháin mar ghrúpa táirgeoirí aitheanta le haghaidh ***gach táisc gheografaigh de thionscnamh a gcríche atá cláraithe nó atá faoi réir iarratas ar chlárú nó le haghaidh ainmneacha táirge a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar iarratais ar chlárú***. | 1. Ainmneoidh na Ballstáit, arna iarraidh sin do ghrúpaí táirgeoirí, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, grúpa táirgeoirí amháin mar ghrúpa táirgeoirí aitheanta le haghaidh ***ceann amháin nó níos mó de na tásca geografacha de thionscnamh a gcríoch féin.*** |
| 2. Féadfar grúpa táirgeoirí a ainmniú mar ghrúpa táirgeoirí aitheanta ***faoi réir comhaontú a bheith ann roimh ré idir dhá thrian de tháirgeoirí an táirge arb ann do thásc geografach ina leith, grúpa a dhéanann ar a laghad dhá thrian de tháirgeadh an táirge sin sa limistéar geografach dá dtagraítear sa tsonraíocht táirge. Go heisceachtúil, measfar gur grúpa táirgeoirí aitheanta a bheidh sna húdarás dá dtagraítear in Airteagal 8(2), sin agus sna táirgeoirí aonair dá dtagraítear in Airteagal 8(3).*** | 2. Féadfar grúpa táirgeoirí a ainmniú mar ghrúpa aitheanta táirgeoirí ***sna cásanna seo a leanas:*** |
| | ***a) go bhfuil líon íosta comhaltaí aige agus/nó go gcumhdaíonn sé toirt íosta nó luach íosta de tháirgeadh indíolta, rud atá le socrú ag an mBallstát lena mbaineann sa limistéar ina n-oibríonn sé. Ní chuirfidh na forálacha sin bac ar aitheantas do ghrúpaí táirgeoirí atá i mbun táirgeadh ar an scála beag; <u>a bis) nó lagaíonn sé tásca geografacha eile ná sonraíochtaí tionscnaimh a dtarlódh dóibh a bheith ann cheana;</u>*** |
| | ***b) má chuireann sé a dhóthain fianaise ar fáil gur féidir leis a chuid gníomhaíochtaí a chur i gcrích, thar thréimhse ama agus ó thaobh éifeachtúlachta de, le tacaíocht dhaonna, ábhartha agus theicniúil a sholáthar dá chuid comhaltaí;*** |
| | ***c) feidhmeoidh sé a chuid chumhachtaí agus a chuid freagrachtaí i gcomhréir leis na critéir maidir le hionadaíocht chóir chothrom ar na catagóirí oibreoirí atá páirteach sa phróiseas táirgthe, arna mbunú nó le bunú ag an mBallstát lena mbaineann, chun eisiaimh a sheachaint agus chun rialachas daonlathach an ghrúpa aitheanta a cheadú.*** |
| 3. De bhreis ar na cumhachtaí agus na freagrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 32(2), féadfaidh grúpa táirgeoirí aitheanta na cumhachtaí agus na freagrachtaí seo a leanas a fheidhmiú: | 3. De bhreis ar na cumhachtaí agus na freagrachtaí dá dtagraítear in Airteagal 32(2), féadfaidh grúpa táirgeoirí aitheanta na cumhachtaí agus na freagrachtaí seo a leanas a fheidhmiú: |

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| a) idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí forfheidhmithe maoine intleachtúla agus frith-ghóchumtha agus a bheith rannpháirteach i líonraí forfheidhmithe maoine intleachtúla ina cháil mar shealbhóir cirt táisc geografaigh; | a) idirchaidreamh a dhéanamh le comhlachtaí forfheidhmithe maoine intleachtúla agus frith-ghóchumtha agus a bheith rannpháirteach i líonraí forfheidhmithe maoine intleachtúla ina cháil mar shealbhóir cirt táisc geografaigh; |
| b) gníomhartha forfheidhmiúcháin a ghlacadh, lena n-áirítear iarratais ar ghníomhartha a dhéanamh chuig údaráis chustaim, chun aon bheart atá díobhálach d'íomhá na dtáirgí sin nó a bhfuil an baol ann go mbeidís díobhálach dó a chosc nó cur ina gcoinne; | b) gníomhartha forfheidhmiúcháin a ghlacadh, lena n-áirítear iarratais ar ghníomhartha a dhéanamh chuig údaráis chustaim, chun aon bheart atá díobhálach d'íomhá na dtáirgí sin nó a bhfuil an baol ann go mbeidís díobhálach dó a chosc nó cur ina gcoinne; |
| c) rialacha ceangailteacha a mholadh do na húdaráis náisiúnta a bheidh le glacadh i gcomhréir le hAirteagal 166a de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 chun soláthar táirgí arna n-ainmniú le tásc geografach a rialú; | c) rialacha ceangailteacha a mholadh do na húdaráis náisiúnta a bheidh le glacadh i gcomhréir le hAirteagal 166 *bis* de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 chun soláthar táirgí arna n-ainmniú le tásc geografach a rialú; |
| d) d'fhonn an tásc geografach a chosaint i gcórais idirlín na n-ainmneacha fearainn lasmuigh de dhlínse an Aontais, trádmharc aonair, comhchoiteann nó deimhniúcháin a chlárú ag brath ar an gcóras trádmhairc lena mbaineann, ina bhfuil, mar cheann dá phríomh-shaintréithe, tásc geografach agus gan é a bheith bainteach ach amháin le táirge a chomhlíonann an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach. | d) d'fhonn an tásc geografach a chosaint i gcórais idirlín na n-ainmneacha fearainn lasmuigh de dhlínse an Aontais, trádmharc aonair, comhchoiteann nó deimhniúcháin a chlárú ag brath ar an gcóras trádmhairc lena mbaineann, ina bhfuil, mar cheann dá phríomh-shaintréithe, tásc geografach agus gan é a bheith bainteach ach amháin le táirge a chomhlíonann an tsonraíocht táirge chomhfhreagrach; |
| | ***e) clásail chaighdeánacha a bhunú de réir bhrí Airteagal 172 bis de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 maidir le comhroinnt luacha, lena n-áirítear préimheanna margaidh agus caillteanais, trí aon athrú ar phraghsanna ábhartha na dtáirgí ar an margadh lena mbaineann nó praghsanna na n-earraí eile a chinneadh;*** |
| | ***f) rialacha a leagan síos maidir le húsáid an táirge TG mar chomhábhar, go háirithe: i) íoschoinníollacha a bhunú maidir lena TG féin a úsáid mar chomhábhar; ii) ranníocaíocht airgeadais nó aisíocaíocht a iarraidh ar an bpróiseálaí a úsáideann an TG mar chomhábhar; iii) gníomhaíochtaí rialaithe agus maoirseachta a dhéanamh ar fud mhargadh inmheánach an Aontais***; |
| | ***g) rachaidh an Coimisiún Eorpach i gcomhairle leis i gcomhthéacs na gcaibidlíochtaí ar chomhaontuithe trádála idirnáisiúnta maidir lena gcuid ainmneacha féin a chosaint.*** |
| 4. Beidh na cumhachtaí agus na freagrachtaí dá dtagraítear i mír ***2 faoi réir comhaontú a bheith ann roimh ré idir dhá thrian de tháirgeoirí an táirge arna n-ainmniú le tásc geografach, ar táirgeoirí iad a dhéanann ar a laghad dhá thrian de tháirgeadh an táirge sin sa limistéar geografach dá dtagraítear sa tsonraíocht táirge***. | 4. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i mír 2. I gcás ina bhfaigheann na húdaráis náisiúnta inniúla nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit an cinneadh maidir le haitheantas a thabhairt don ghrúpa táirgeoirí a neamhniú. |
| ***5***. Déanfaidh na Ballstáit seiceálacha chun a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i mír 2. I gcás ina bhfaigheann na húdaráis náisiúnta inniúla nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit an cinneadh maidir le haitheantas a thabhairt don ghrúpa táirgeoirí a neamhniú. | |

**Cúis**

Faoin bhfoclaíocht atá ann faoi láthair, níl éagsúlacht na staideanna dlíthiúla sna Ballstáit san áireamh. Sa togra reachtach, ionas go gcuirfear sainiúlachtaí náisiúnta chomh maith le difríochtaí idir earnálacha san áireamh, ba cheart go leagfaí amach prionsabail ghinearálta maidir leis an gcaoi ar féidir le Ballstát grúpa tásca geografacha a aithint. Ar an ásc deiridh, is rud ríthábhachtach go n-áiritheofar leis na critéir le haghaidh ionadaíochas an ghrúpa aitheanta cothromaíocht sa chinnteoireacht idir na baill éagsúla den ghrúpa.

**Leasú 35**

Airteagal 33, mír nua (6)

| An téacs a mhol an Coimisiún | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***6. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, ar bhonn critéar oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 maidir le grúpaí táirgeoirí atá aitheanta cheana ar an leibhéal náisiúnta ar bhonn na rialacha náisiúnta a bhí i bhfeidhm roimh dháta theacht i bhfeidhm don Rialachán seo, agus nach ndéanann sé sin dochar d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh.*** |

**Cúis**

I mBallstáit áirithe, is ann cheana do chóras na ngrúpaí táirgeoirí aitheanta.

**Leasú 36**

Airteagal 34(1)

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 1. Maidir le clárlanna ainm fearainn ***tírchóid uasleibhéil atá bunaithe san Aontas, féadfaidh*** siad, arna iarraidh sin do dhuine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach nó cearta dlisteanacha aige, ainm fearainn atá cláraithe ***faoi fhearann tírchóid uasleibhéil*** a athghairm nó a aistriú chuig grúpa táirgeoirí aitheanta na dtáirgí lena ngabhann an tásc geografach i gceist tar éis nós imeachta malartach réitigh díospóide nó nós imeachta breithiúnais más rud é gur chláraigh sealbhóir, nach bhfuil cearta ná leas dlisteanach aige sa tásc geografach, an t-ainm fearainn sin nó más rud é gur cláraíodh é nó go bhfuil úsáid á baint as de mheon mímhacánta agus más sárú ar Airteagal 27 an úsáid sin. | 1. ***Beidh feidhm ag na hoibleagáidí seo a leanas maidir le croísheirbhísí ardáin a bhíonn á soláthar nó á dtairiscint ag geatóirí d'úsáideoirí deiridh atá bunaithe san Aontas nó lonnaithe ann, agus d'úsáideoirí gnó, gan beann ar áit bhunaithe nó chónaithe na maor geata ná na n-úsáideoirí gnó agus gan beann ar an dlí is infheidhme ar shlí eile maidir le soláthar seirbhísí, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) 2022/xxx.***<br><br>***Déanfaidh*** clárlanna ainmneacha fearainn, ***ex officio*** nó tar éis do dhuine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach nó cearta dlisteanach aige a n-iarraidh, ainm fearainn cláraithe a chúlghairm nó a aistriú chuig an ngrúpa aitheanta táirgeoirí táirgí a ainmnítear sa tásc geografach lena mbaineann, sin ***nó chuig Ballstát tionscnaimh an táisc gheografaigh lena mbaineann***, tar éis nós imeachta iomchuí eile um réiteach díospóide nó breithiúnach, más rud é gur chláraigh an sealbhóir an t-ainm fearainn sin gan aon chearta ná leas dlisteanach sa tásc geografach nó má cláraíodh é nó má úsáideadh é de mheon mímhacánta agus más i gcontrárthacht le hAirteagal 27 atáthar á úsáid. |

**Cúis**

Ní chumhdaítear le hAirteagal 34 ach na fearainn chéad leibhéal de chuid an Chóid Tíre (ccTLDanna) san Aontas. Ní infheidhme don fhoráil sin i gcás ainmneacha fearainn seachas ccTLDanna. Dá bhrí sin, is iomchuí an fhoclaíocht a thabhairt i gcomhréir le foclaíocht na hIonstraime um Margaí Digiteacha.

**Leasú 37**

Airteagal 34(2)

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh clárlanna ainmneacha fearainn ***tírchóid uasleibhéil atá bunaithe san Aontas*** go n-aithneofar, le haon nós imeachta malartach réitigh díospóide a bhunaítear chun díospóidí a bhaineann le clárú ainmneacha fearainn dá dtagraítear i mír 1 a réiteach, gurb é atá i dtásca geografacha cearta lena bhféadfar cosc a chur ar chlárú ainm fearainn nó ar úsáid a bhaint as de mheon mímhacánta. | 2. Áiritheoidh clárlanna ainmneacha fearainn go n-aithneofar, le haon nós imeachta malartach réitigh díospóide a bhunaítear chun díospóidí a bhaineann le clárú ainmneacha fearainn dá dtagraítear i mír 1 a réiteach, gurb é atá i dtásca geografacha cearta lena bhféadfar cosc a chur ar chlárú ainm fearainn nó ar úsáid a bhaint as de mheon mímhacánta. |

**Leasú 38**

Airteagal nua tar éis Airteagal 45

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***1. Féadfaidh EUIPO a bheith rannpháirteach i bhfeidhmiú chóras tásca geografacha an Aontais ach cúnamh teicniúil a sholáthar don Choimisiún Eorpach sna cásanna dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus ar an mbealach sin, gan dul thar a réimse inniúlachta féin amach, fad a bhaineann le cearta na maoine intleachtúla.*** |
| | ***2. Níor cheart go gcuirfeadh rannpháirtíocht EUIPO san obair ró-ualach ar na nósanna imeachta ná síneadh ama lena ré.*** |
| | ***3. Féadfaidh EUIPO tacú leis an gCoimisiún Eorpach i ndéanamh na gcúraimí seo a leanas:*** |
| | ***a) cúnamh le gnéithe den mhaoin intleachtúil le linn scrúdú na n-iarratas sna nósanna imeachta maidir le tásca geografacha a chlárú, a mhodhnú, sin agus an cur i gcoinne;*** |
| | ***b) leasuithe caighdeánacha ar shonraíocht táirge a fhoilsiú;*** |
| | ***c) na tásca geografacha a chosaint, lena n-áirítear ar an idirlíon;*** |
| | ***d) feidhmiú chlár na TGanna;*** |
| | ***e) córas foláirimh a bhunú agus a bhainistiú a chuirfidh iarratasóirí ar an eolas faoi infhaighteacht a dtásc geografach mar ainm fearainn.*** |

**Cúis**

Caibidil 5 den Rialachán atá beartaithe, sin é an áit chuí chun na cineálacha cúraimí ar féidir le EUIPO cúnamh a thabhairt don Choimisiún ina leith a shoiléiriú agus a liostú go trédhearcach. Chuirfeadh sé sin ar chumas EUIPO inniúlachtaí AS AGRI sa talmhaíocht agus san fhorbairt tuaithe a chomhlánú le saineolas maidir le CMI.

**Leasú 39**

Airteagal 47

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 1. I gcás ***ina bhfeidhmíonn an Coimisiún aon cheann de na cumhachtuithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo chun cúraimí a shannadh do EUIPO***, tabharfar de chumhacht dó ***freisin*** gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 84 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le critéir maidir le faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú i bhforghníomhú na gcúraimí sin. Féadfar a áireamh leis na critéir sin: | 1. I gcás ***ina n-iarrfaidh an Coimisiún cúnamh EUIPO nuair atá na cúraimí thuasluaite á ndéanamh aige***, tabharfar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 84, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh le critéir maidir le faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú i bhforghníomhú na gcúraimí sin. Féadfar a áireamh leis na critéir sin: |
| a) ***an méid a chomhtháthaítear tosca talmhaíochta sa phróiseas grinnscrúdaithe;*** | a) cáilíocht na measúnuithe; |
| ***b)*** cáilíocht na measúnuithe; | ***b)*** comhleanúnachas na measúnuithe ar thásca geografacha ó fhoinsí éagsúla; |
| ***c)*** comhleanúnachas na measúnuithe ar thásca geografacha ó fhoinsí éagsúla; | ***c)*** éifeachtúlacht na gcúraimí; |
| ***d)*** éifeachtúlacht na gcúraimí; ***agus*** | ***d) aga próiseála laghdaithe chun iarratais a scrúdú; agus*** |
| e) sástacht na n-úsáideoirí. | e) sástacht na n-úsáideoirí. |
| 2. Tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis aon chúram a tharmligean chuig EUIPO den chéad uair, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le torthaí agus an taithí a fuarthas ó fheidhmiú na gcúraimí sin ag EUIPO. | 2. Tráth nach déanaí ná 5 bliana tar éis aon chúram a tharmligean chuig EUIPO den chéad uair, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a ullmhú agus a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le torthaí agus an taithí a fuarthas ó fheidhmiú na gcúraimí sin ag EUIPO. |

**Cúis**

Beidh rannchuidiú EUIPO chun na cúraimí sin a chur i gcrích teoranta do ghnéithe den CMI, agus caithfear idirghabháil an EUIPO a mheasúnú ó thaobh an fad a mhaireann na himeachtaí a ghiorrú.

**Leasú 40**

Airteagal 48(3)

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 3. Eisiatar sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint ná tásc geografach faoi chosaint a bheith ann i leith na dtáirgí talmhaíochta seo a leanas: | 3. Eisiatar sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint ná tásc geografach faoi chosaint a bheith ann i leith na dtáirgí talmhaíochta seo a leanas: |

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| ***a)*** ***táirgí nach féidir a thrádáil laistigh den mhargadh inmheánach de thoradh a gcineáil agus nach féidir a thomhailt ach amháin ina n-áit mhonaraíochta nó gar dá n-áit mhonaraíochta, sin agus i mbialanna;*** <br> ***b)*** táirgí atá, gan dochar do na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 5(2), ar neamhréir le beartas poiblí nó le prionsabail na moráltachta a bhfuil glacadh leo go forleathan agus nach féidir a chur ar an margadh inmheánach. | táirgí atá, gan dochar do na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 5(2), ar neamhréir le beartas poiblí nó le prionsabail na moráltachta a bhfuil glacadh leo go forleathan agus nach féidir a chur ar an margadh inmheánach. |

**Cúis**

Ós rud é nach bhfuil sainiú soiléir ar an gcineál táirgí a d'fhéadfaí a eisiamh, d'fhéadfadh gur foráil idirdhealaitheach a bheadh san airteagal seo.

**Leasú 41**

Airteagal 60

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 2. ***Ní mhairfidh an grinnscrúdú*** níos faide ná 6 mhí. I gcás inar faide an tréimhse sin ná 6 mhí nó inar dóchúil gur faide ná 6 mhí í, ***cuirfidh an Coimisiún*** an t-iarratasóir ar an eolas faoi chúiseanna na moille i scríbhinn. | 2. Ní mhairfidh an grinnscrúdú níos faide ná 6 mhí. I gcás inar faide an tréimhse sin ná 6 mhí nó inar dócha gur faide ná 6 mhí í, ***níor mhór don Choimisiún*** an t-iarratasóir ***a chur*** ar an eolas faoi chúiseanna na moille i scríbhinn. |

**Cúis**

De ghnáth, ní chloíonn an Coimisiún Eorpach leis an spriocdháta sé mhí a leagtar síos sa Rialachán. Ba chóir a rá go cruinn nach mairfidh an scrúdú níos faide ná sé mhí.

**Leasú 42**

Airteagal 84

| An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 2. Maidir leis an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear **in *Airteagal 12(4), Airteagal 14(2),*** Airteagal 15(6), ***Airteagal 17(5), Airteagal 19(10)***, Airteagal 23(7), Airteagal 25(10), ***Airteagal 26(6), Airteagal 28(3), Airteagal 29(3)***, Airteagal 34(3), Airteagal 46(1), Airteagal 46, Airteagal 47(1), Airteagal 48(6), Airteagal 48(7), Airteagal 49(4), Airteagal 51(3), Airteagal 55(5), Airteagal 56(2), Airteagal 73(10), Airteagal 69(4), Airteagal 70(2), Airteagal 58(3), Airteagal 62(10), Airteagal 67(3), Airteagal 68(6), Airteagal 76(4), Airteagal 77(1), Airteagal 78(3), Airteagal 78(4), tabharfar an chumhacht sin don Choimisiún ar feadh tréimhse 7 mbliana ó [dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 7 mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 15(6) a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 23(7), Airteagal 25(10),Airteagal 34(3), Airteagal 46(1), Airteagal 46, Airteagal 47(1), Airteagal 48(6), Airteagal 48(7), Airteagal 49(4), Airteagal 51(3), Airteagal 55(5), Airteagal 56(2), Airteagal 73(10), Airteagal 69(4), Airteagal 70(2), Airteagal 58(3), Airteagal 62(10), Airteagal 67(3), Airteagal 68(6), Airteagal 76(4), Airteagal 77(1), Airteagal 78(3), Airteagal 78(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse seacht mbliana ón [dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 7 mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. |

**Cúis**

Thabharfadh an téacs sin de shaoirse don Choimisiún Eorpach athruithe a dhéanamh ar bheartas TG trí bhíthin gníomhartha tarmligthe. Níl sé sin inghlactha óir is gá na príomh-shaincheisteanna a leagan síos i dtéacs an Rialacháin agus sa nós imeachta comhchinnteoireachta.

II. **MOLTAÍ BEARTAIS**

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR),

1. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach, agus ag tathant ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle na feabhsuithe suntasacha ar chóras na dtásc geografach (TGanna) a tugadh isteach leis an athchóiriú a rinneadh le déanaí ar an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) a chur san áireamh;

2. á mheabhrú gur gné bhunúsach de bheartas forbartha na tuaithe tásca geografacha a bhfuil tionchar acu ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus shóisialta na réigiún;

3. á chur in iúl gurb oth leis, dá bhrí sin, go ndearnadh an tagairt do chomhlíónadh chuspóirí an bheartais forbartha tuaithe sna haithrisí a aisghairm leis an togra le haghaidh rialacháin, cé gur luadh é sin roimhe seo in Airteagal 1 den Rialachán;

4. ag tacú le bunú sraith aonair rialacha nós imeachta do gach earnáil, d'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú agus córas TG a dhéanamh níos sothuigthe, á mholadh nach ndéanfar aon bhearta eile chun sainiúlachtaí gach earnála a chaomhnú;

5. ag tacú leis an togra chun an deis a chur isteach do chomhlachtaí poiblí réigiúnacha nó áitiúla chun cabhrú le hullmhú an iarratais agus an phróisis chlárúcháin TG, ós rud é go gcuireann sé bonn foirmiúil faoi rannchuidiú na réigiún le hullmhú agus réamhchéimeanna phróiseas clárúcháin TG;

6. á mheabhrú nár cheart tásca geografacha a mheas mar chearta maoine intleachtúla (CMI) amháin, agus gur uirlisí forbartha tuaithe iad chomh maith;

7. á mheas, dá bhrí sin, gur cheart do AS AGRI, mar gheall ar an saineolas atá aige ar an talmhaíocht agus ar fhorbairt na tuaithe, leanúint air ag déileáil leis an measúnú ar chlárú na n-iarratas, ar an gcur i gcoinne, agus ar chealú tásc geografach, chomh maith leis na leasuithe ar na sonraíochtaí;

8. á mheas go bhféadfadh Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), mar gheall ar an saineolas teicniúil atá aici ar CMI agus a cuid acmhainní, a bheith rannpháirteach i bhfeidhmiú chóras TG AE trí chúnamh teicniúil a sholáthar don Choimisiún Eorpach i gcásanna a bhaineann le gnéithe den mhaoin intleachtúla agus ar bhealach a shaineofaí go soiléir sa togra reachtach seachas trí bhíthin gníomhartha tarmligthe;

9. á chur i bhfáth nach mór rannpháirtíocht EUIPO i gclárú, i leasú sonraíochtaí agus i nósanna imeachta freasúra a theorannú dá réimse inniúlachta féin i ngort na gceart maoine intleachtúla agus nár cheart go mbeadh ró-ualach ar nósanna imeachta ná síneadh ar a ré mar thoradh air;

10. ag tabhairt dá haire, áfach, de réir thuarascáil na Cúirte Iniúchóirí ([2]), nár ghiorraigh an idirghabháil a rinne EUIPO an fad a mhair na himeachtaí;

11. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé spriocdhátaí soiléire a chur ar fáil agus dlús a chur leis na nósanna imeachta chun sonraíochtaí a leasú, ós mór an tionchar atá acu ar ghlacadh na gcoigeartuithe ar an bpróiseas táirgthe;

12. ag tabhairt dá aire freisin go bhfuil saineolas iarbhír forbartha ag EUIPO i réimse na dtásc geografach, agus go bhfuil togha na n-uirlisí aige a d'fhéadfadh a bheith an-úsáideach chun faireacháin ar thásca geografacha, chun na tásca sin a chur chun cinn, agus chun cleachtadh na calaoise a chomhrac;

13. ag moladh breithniú ar an aistriú inniúlachta páirteach sin laistigh de dhá bhliain i bhfianaise chumhdach iomlán chlárú TGanna neamhthalmhaíochta, breithniú a dhéanfadh EUIPO, féachaint ar cheart aon leasú a dhéanamh ar an Rialachán;

14. i bhfianaise ghné na gcríoch sna tásca geografacha, ba mhaith an rud CnaR a bheith páirteach sa sásra meastóireachta;

---

([2]) Tuarascáil speisialta Uimh. 06/2022 Cearta maoine intleachtúla AE – Cosaint nach bhfuil go hiomlán fónta 2022/C 174/03.

15. ag admháil rannchuidiú TGanna le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch, tríd an dlúthnasc atá le críoch an tionscnaimh, chomh maith le haistí bia a bhfuil idir éagsúlacht agus cothromaíocht iontu;

16. ag tacú le gealltanais dheonacha inbhuanaitheachta a chur san áireamh i TGanna, rud ba cheart a sainmhíniú go soiléir sa rialachán, le deis a thabhairt do ghrúpaí táirgeoirí caighdeáin inbhuanaitheachta a oiriúnú de réir a gcríoch féin;

17. á chur in iúl gur geal leis uaillmhian an Choimisiúin táirgeoirí TG a spreagadh chun oibriú go héifeachtach le chéile laistigh de ghrúpaí táirgeoirí agus tuilleadh cumhachtaí a thabhairt dóibh, ós rud é go bhfuil rialachas láidir comhchoiteann i gcroílár an chórais TGanna;

18. á chur in iúl gur oth leis go gcruthaíonn an togra ón gCoimisiún Eorpach, mar a ceapadh trí fhoráil a dhéanamh do dhá leibhéal ionadaíochachta, mearbhall nach beag maidir leis na grúpaí éagsúla táirgeoirí, a gcumhachtaí agus a bhfreagrachtaí agus á mheas nach gcuirtear éagsúlacht na staideanna dlíthiúla sna Ballstáit san áireamh san fhoclaíocht atá ann faoi láthair;

19. ag tacú le feabhsú chosaint na dtásc geografach, go háirithe cosaint an idirlín agus cosaint an díolacháin ar ardáin ar líne, cosaint ar chlárú agus ar úsáid na dtásc geografach de mheon mímhacánta sa chóras ainmneacha fearainn;

20. ag aontú leis na soiléirithe i dtaca le tásca geografacha a úsáidtear mar chomhábhair;

21. de bhrí gurb ionann luach TGanna agus luach díolacháin EUR 74,76 billiún agus 15,5 % d'onnmhairí agraibhia iomlána an Aontais, á mholadh go leanfaí den chosaint atá á tabhairt dóibh sna comhaontuithe trádála;

22. de bhrí gurb ionann luach TGanna beaga agus meánmhéide agus 48 % de líon iomlán TGanna an Aontais, ach gan iontu ach 0,5 % de luach iomlán na ndíolachán faoi TG ([3]), ag moladh tacaíocht leormhaith chun a chur ar a gcumas do na táirgeoirí costais táirgthe a sheasamh agus, ar an gcaoi sin, tréigean an deimhnithe a sheachaint;

23. á mheas, laistigh de na téarmaí roghnacha cáilíochta (MQF), gurbh úsáideach dá bhféadfaí an téarma "táirge ó fheirmeoireacht oileán" a thabhairt isteach arís agus machnamh a dhéanamh ar thagairt do "bainne, cáis agus feoil innilte" a thabhairt isteach do tháirgí lena náirithítear go dtiocfaidh níos mó ná 80 % den bheatha ó fhéarach le linn an tséasúir innilte;

24. á mholadh go gcuirfí dlús le cur chun feidhme "táirgí sléibhe" MQF, ag meabhrú do na Ballstáit na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an téarma sin agus faireachán a dhéanamh ar a chur chun feidhme;

25. á aithint gur féidir le TGanna a bheith ina bpríomhfhachtóir freisin chun Lipéad "Oidhreacht Dhomhanda UNESCO" ([4]) a fháil agus, d'fhonn ceantair thuaithe a fheabhsú, molann sé sineirgíocht idir an dá lipéad sin, rud a chuirfeadh ar a cumas don oidhreacht chultúrtha luach a chur le slabhraí luacha talmhaíochta agus, ar an gcaoi sin, le geilleagar na críche ina iomláine.

An Bhruiséil, an 30 Samhain 2022.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*
Vasco ALVES CORDEIRO

---

([3]) An Coimisiún Eorpach (feabhra 2021) Study on economic value of EU quality schemes, geographical indications (GI) amd traditional specialities guaranteed (TSG).

([4]) Coiste Eorpach na Réigiún (Márta 2022), "Conas is féidir úsáid a bhaint as tírdhreacha talmhaíochta na hOidhreachta Domhanda mar uirlis chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus shóisialta na gceantar tuaithe? Cás-staidéir agus moltaí maidir le haistriú eolais faoi chúrsaí oidhreachta a mbeidh dea-thoradh air".